



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

Freagair sé cheist ar bith.
Tá 60 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 48 marc ag gabháil le gach ceist eile.
Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar.

Iomlán na marcanna: 300 marc.

1. Freagair **sé cinn** ar bith de na codanna (a) – (j).

- (a) Tabhair **trí** chúis leis an gcleachtas crainn foraoise a thanú.
- (b) Luaigh an fileam lena mbaineann **gach ceann** díobh seo a leanas:
 - (i) Péist talún.
 - (ii) Carrchuil ghlas.
 - (iii) Puchán ae.
 - (iv) Caora.
 - (v) *Babesia*.
- (c) Mínigh cén fáth an gá srianta láidre a bheith ar úsáid lotnaicídí ar bharr feirme.
- (d) Luaigh **trí** thoisce ar bith a chuireann le déanamh gléirigh.
- (e) Liostaigh **trí** thréith atá ina thréithe tipiciúla den fhine *Gramineae*.
- (f) Liostaigh **dhá** thréith struchtúrtha ar bith i gcás **gach** ceann díobh seo a leanas:
 - (i) planda raithní.
 - (ii) crann péine.
- (g) Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an *teocht chriticiúil* i bhfiontar tógála muc.
- (h)
 - (i) Mínigh an téarma *idirspiléachas* mar a úsáidtear san éiceolaíocht é.
 - (ii) Tabhair **dhá** shampla den idirspiléachas sa talmhaíocht.
- (i) Tabhair **trí** fheidhm atá ag an bhfuil i gcorp an ainmhí.
- (j)
 - (i) Mínigh céard atá i gceist le treoíocht páirce.
 - (ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar atá ag an treoíocht ar fhás bairr.

(60 marc)

2. (a)
 - (i) Déan cur síos ar na tosca a chuireann le déanamh podsail.
 - (ii) Mínigh an chaoi a bhfuil tionchar ag uigeacht ithreach ar theocht ithreach.
 - (iii) Ainmnigh thréith **amháin** eile d'ithir a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a teocht.
- (b)
 - (i) 1. Mínigh an difear idir caitian agus collóideach.
 - 2. Mínigh na téarmaí *malartú caitian agus acmhainn mhalartaithe caitian (AMC)*.
 - (ii) Cén chaoi a bhféadfaí AMC ithreach a mhéadú?
- (c) Déan cur síos ar thurgnamh chun malartú caitian in ithir a iniúchadh.

(48 marc)

3. Rogha a hAon

- (a) (i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le prátaí síl a chur ag péacadh.
(ii) Ní fíorshíolta iad prátaí síl. Déan plé ar bhailíocht an ráitis sin.
- (b) Tabhair cuntas ar fhungas dhúchan na bprátaí (*Phytophthora infestans*) faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (i) Saolré.
(ii) Comharthaí galair.
(iii) Bearta coiscthe agus srianta.
- (c) (i) Is tábhachtach prátaí síl deimhnithe a úsáid i saothrú tráchtála prátaí mar bíonn siad saor ó ghalair.
Tabhair **dhá** ghalair, seachas an dúchan, a d'fhéadfadh a bheith ar bharr prátaí, agus tabhair an gníomhaí is cúis leo sa **dá** chás.
(ii) Mínigh an chúis a n-áirítear réigiúin áirithe in Éirinn, e.g. Co. Dhún na nGall, a bheith an-oiriúnach le haghaidh táirgeadh prátaí síl.

(48 marc)

NÓ

3. Rogha a Dó

- (a) Déan mionphlé ar na pointí seo a leanas maidir le fiontar déiríochta:
- (i) Bainistíocht na breithe.
(ii) Tosca timpeallachta sna chéad trí lá tar éis na breithe.
(iii) Prionsabail chothaithe sna chéad trí lá tar éis a bhreithe.
- (b) Déan mionphlé, faoi na ceannteidil seo a leanas, ar thógáil laonna déiríochta, ó thrí lá d'aois go dtí go gcuirtear faoi dhíon den chéad uair iad:
- (i) Bainistíocht.
(ii) Prionsabail chothaithe le haghaidh fás optamach.
- (c) (i) Cén beomheáchan a mbeifí ag súil leis a bheadh i laonna déiríochta agus iad á gcur faoi dhíon den chéad uair?
(ii) Mínigh an fáth a maraítear formhór na n-ainmhithe mairt agus iad dhá bhliain d'aois.

(48 marc)

4. I gcás **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó páirce:

- (a) Chun céatadán na luatha mianraí a aimsiú i sampla d'fhéar nuaghearrtha.
- (b) Chun iarmhairtí na ró-innilte don chomhdhéanamh luibheolaíochta de bháinseach féaraigh a mheas.
- (c) Chun iniúchadh a dhéanamh ar an iarmhairt don táirgeadh a bhíonn ag fás cineálacha éagsúla de bharr ainmnithe.
- (d) Chun láithreach miocrorgánach i mbia ainmhí a thaispeáint.

(48 marc)

5. (a) (i) Is ainmhí iléastrasach í an chaora. Céard a chiallaíonn an téarma *iléastrasach*?
(ii) Céard é fad an timthrialla éastrasaigh i gcaoirigh?
(iii) Mínigh an ceangal idir fad an lae agus séasúr na cúplála i gcaoirigh.
- (b) Tarraing léaráid mhór lipéadaithe de chóras atáirgthe na caorach agus cuir lipéid ar **cheithre** chuid di.
- (c) Déan cur síos ar na príomhchéimeanna a bhaineann le ‘pórú taobh amuigh den séasúr’ chun uain a tháirgeadh do mhargadh luath an earraigh.
- (d) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chúis le caoirigh a dhealú.

(48 marc)

6. (a) Liostaigh **agus** mínigh **cheithre** thoisc ar cheart d’fheirmeoir iad a chur san áireamh nuair a bhíonn sé ag socrú an méid leasacháin atá le cur ar bharr.
- (b) Seachas leasacháin, liostaigh **agus** mínigh **cheithre** thoisc eile a mbeadh tionchar acu ar tháirgeadh bairr san fhómhar.
- (c) (i) Céard a chiallaíonn an téarma *trasghalú*?
(ii) Déan cur síos ar an gcaoi a dtéann **trí** thoisc thimpeallachta ar bith i bhfeidhm ar an ráta trasghalaithe i bplanda.

(48 marc)

7. (a) (i) Luaigh Dlí na Saorshórtála.
(ii) Mínigh na téarmaí seo a leanas:
1. Gnéasnascadh.
2. Clón.
3. Polaplóideach.
- (b) In eallach, tá an ailléil don chóta rua (R) ceannasach ar an ailléil don chóta dubh (r) agus tá an ailléil don chóta díreach (D) ceannasach ar an ailléil don chóta catach (d). Má chúpláilann tarbh a bhfuil cóta rua díreach air le bó a bhfuil cóta dubh catach uirthi, tá an seans céanna ann go mbeidh ceann ar bith de cheithre fheinítíopa éagsúla ag lao a bhéarfaí dá thoradh.
- (i) Luaigh géinitíopaí an tairbh agus na bó agus an nodaireacht thuas á húsáid.
(ii) Luaigh na ceithre fheinítíopa a d’fhéadfadh a bheith ag na laonna.
(iii) Cé na feinitíopaí féideartha a thugann le fios gur tharla saorshórtáil?
- (c) Nuair a chuirfear deireadh le cuótaí bainne beidh deis ag feirmeoirí déiríochta a dtáirgeadh bainne a mhéadú den chéad uair le níos mó ná tríocha bliain.
Déan cur síos ar na buntáistí d’fheirmeoirí déiríochta a bhaineann le seamhan gnéasaitheanta a úsáid seachas seamhan coinbhinsiúnach agus iad ag pleanáil an táirgeadh bainne a mhéadú.

(48 marc)

8. Freagair **dhá** chuid ar bith de na codanna (a), (b), (c).

- (a) Déan cur síos le cúnaimh léaráide ar na próisis atá i gceist sa timthriall nítrigine.
- (b)
 - (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchleachtais atá riachtanach i mbainistíocht mhaith féaraigh.
 - (ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinnilt mheasctha.
 - (iii)
 - 1. Céard a chiallaíonn an téarma *aonaid bheostoic*?
 - 2. Tabhair **dhá** shampla le do thuiscint ar an téarma *aonaid bheostoic* a léiriú.
- (c) Déan idirdhealú idir na baill i **dtrí** cinn ar bith de na péirí téarmaí seo a leanas:
 - (i) *Barrleasú* agus *barr-bhearradh*.
 - (ii) *Féith heipiteach* agus *féith iomprach an ae*.
 - (iii) *Portach ardaithe* agus *bratphortach*.
 - (iv) *Curadóireacht* agus *athghasadh*.

(48 marc)

9. Tabhair míniúchán eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Camhrú sadhlais.
- (b) Leathadh sciodair seacht seachtaine ar a laghad sula ngearrtar an féar le haghaidh sadhlais.
- (c) Coinneáil agus caomhnú fáлта sceach ar fheirm.
- (d) Bainne á thástáil ag déirithe.
- (e) Burdizzo á úsáid i bhfontair thógála mart.

(48 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán